**Fógra Príobháideachais don Suíomh Greásáin**

**Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo**

**Nuashonraithe go deireanach:** Mí na Nollag 2025

**1. Réamhrá**

Tá Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo ("muid", "muidne", "ár") tiomanta do shonraí príobháideachais agus pearsanta daoine aonair a idirghníomhaíonn linn a chosaint. Mínítear san Fhógra Príobháideachais seo don Suíomh Gréasáin conas a bhailímid, úsáidimid, nochtaimid, agus a chosnaímid sonraí pearsanta nuair a thugann tú cuairt ar ár suíomh gréasáin ar **www.comharnaionrai.ie** (an "Suíomh Gréasáin").

Cuirtear an fógra seo ar fáil i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 ("RGCS") agus leis an reachtaíocht um chosaint sonraí is infheidhme in Éirinn.

**2. Rialaitheoir Sonraí**

Is é an rialaitheoir sonraí le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáiltear tríd an Suíomh Gréasáin seo ná:

**Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo**
Aonad 3D, Páirc Gnó na Ceathrú Rua
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Éire

Ríomhphost: eolas@cnng.ie
Teileafón: +353 (0)91 595337

**3. Na Sonraí Pearsanta a Bhailímid**

Ag brath ar an idirghníomhú a bhíonn agat leis an Suíomh Gréasáin, féadfaimid na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta a bhailiú:

- Sonraí aitheantais agus teagmhála (ainm, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin)
- Faisnéis a chuirtear isteach trí fhoirmeacha teagmhála nó fiosruithe
- Sonraí chun liostáil leis an nuachtlitir
- Faisnéis a bhaineann le hearcaíocht i gcás ina bhfógraítear folúntais
- Sonraí teicniúla agus úsáide (seoladh IP, cineál brabhsálaí, leathanaigh ar tugadh cuairt orthu)
- Sonraí maidir le fianáin agus anailísíocht (féach Roinn 10)

## 4. Cuspóirí Próiseála agus Bunúis Dlí

Próiseálaimid sonraí pearsanta chun na críche atá leagtha amach thíos, agus i gcomhréir le hAirteagal 6 RGCS.

### Gníomhaíochtaí Próiseála Ginearálta

| Cuspóir na Próiseála | Bunús Dlí (Airteagal 6 RGCS) |
|---|---|
| Ag tabhairt freagra ar fhiosruithe agus cumarsáid | Leasanna Dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f)) |
| Iarrataí agus comhfhreagras le teagmhálaithe a bhainistiú | Leasanna Dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f)) |
| Earcaíocht agus fostaíocht foirne, lena n-áirítear fíorú cáilíochtaí agus forfheidhmiú beartas earcaíochta | Conradh (Airteagal 6(1)(b)) agus Oibleagáid Dhlíthiúil (Airteagal 6(1)(c)) |
| A chinntiú go gcomhlíontar ceanglais maidir le cáilíocht i gcúram leanaí, cosaint, agus ceanglais rialála | Oibleagáid Dhlíthiúil (Airteagal 6(1)(c)) |
| Oifigigh Forbartha a fhostú chun tacú leis na seirbhísí agus chun comhairle a chur orthu | Conradh (Airteagal 6(1)(b)) |
| Oiliúint i gcosaint leanaí a chur ar fáil d’fhostaithe | Oibleagáid Dhlíthiúil (Airteagal 6(1)(c) agus Leasanna Dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f)) |
| Ábhar tacaíochta oideachais agus oibríochta a fhorbairt (lena n-áirítear Loinnir, Borradh, beartais agus nósanna imeachta) | Leasanna Dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f)) |
| Cruinnithe tacaíochta don fhoireann inmheánach a eagrú | Leasanna Dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f)) |
| Idirchaidreamh le Tusla agus le húdaráis eile chun comhlíontacht rialála a chinntiú | Oibleagáid Dhlíthiúil (Airteagal 6(1)(c)) |
| Cruinnithe le tuismitheoirí a eagrú | Leasanna Dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f)) |
| Maoiniú Stáit a fhaigheann seirbhísí a riar | Oibleagáid Dhlíthiúil (Airteagal 6(1)(c)) |

| Cuspóir na Próiseála | Bunús Dlí (Airteagal 6 RGCS) |
|---|---|
| Scéimeanna Árachais Grúpa a riar do na seirbhísí | Leasanna Dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f)) |
| Tacaíocht a thabhairt leis an nGaeilge agus leis an bpleanáil teanga | Leasanna Dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f)) |
| An nuachtlitir *Bláthú* a fhoilsiú agus a scaipeadh | Toiliú (Airteagal 6(1)(a)) |
| Feidhmiúlacht agus feidhmíocht an tSuímh Gréasáin a fheabhsú | Leasanna Dlisteanacha (Airteagal 6(1)(f)) |

I gcás ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar leasanna dlisteanacha, bhreithníomar agus chothromaíomar na leasanna sin in aghaidh chearta agus shaoirsí daoine aonair.

---

**5. Sonraí Leanaí**

Aithnímid go dteastaíonn leibhéal ard cosanta ó shonraí pearsanta leanaí. Próiseálaimid sonraí leanaí ar bhealach trédhearcach agus dleathach agus **ar mhaithe le leas an linbh** i gcónaí, i gcomhréir le RGCS, reachtaíocht maidir le cúram leanaí in Éirinn, agus oibleagáidí coimirce.

**Sonraí Leanaí a Phróiseáil**

| Cuspóir na Próiseála | Bunús Dlí (Airteagal 6 RGCS) | Coinníoll maidir le Catagóir Speisialta (Airteagal 9 RGCS, i gcás inarb infheidhme) |
|---|---|---|
| Leanaí a chlárú agus a chur ar an rolla i seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim | Oibleagáid Dhlíthiúil (6(1)(c)); Leas Poiblí (6(1)(e)); Conradh (6(1)(b)) | Ní bhaineann le hábhar |
| Tinreamh agus rannpháirtíocht i seirbhísí a riar | Oibleagáid Dhlíthiúil (6(1)(c)); Leas Poiblí (6(1)(e)) | Ní bhaineann le hábhar |
| Cumarsáid le tuismitheoirí nó le caomhnóirí | Leasanna Dlisteanacha (6(1)(f)) | Ní bhaineann le hábhar |
| Sláinte, sábháilteacht, agus leas leanaí a chinntiú | Oibleagáid Dhlíthiúil (6(1)(c)); Leasanna Ríthábhachtacha (6(1)(d)) | Airteagal 9(2)(c) agus/nó Airteagal 9(2)(h) |

| Cuspóir na Próiseála | Bunús Dlí (Airteagal 6 RGCS) | Coinníoll maidir le Catagóir Speisialta (Airteagal 9 RGCS, i gcás inarb infheidhme) |
|---|---|---|
| Faisnéis leighis a phróiseáil (m.sh. ailléirgí, riochtaí leighis, riachtanais maidir le cóir leighis) | Oibleagáid Dhlíthiúil (6(1)(c)); Leasanna Ríthábhachtacha (6(1)(d)) | Airteagal 9(2)(c), Airteagal 9(2)(h), agus i gcás inarb iomchuí toiliú sainráite (9(2)(a)) |
| Rialacháin um choimirce agus cúram leanaí a chomhlíonadh | Oibleagáid Dhlíthiúil (6(1)(c)) | Airteagal 9(2)(g) agus/nó 9(2)(h) |

Ní bhailítear faisnéis leighis agus sláinte ach amháin nuair atá géarghá leis agus ní bhíonn sí inrochtana ach d'fhoireann údaraithe amháin.

**6. Comhroinnt Sonraí**

Ní dhíolaimid sonraí pearsanta. Féadfaimid sonraí pearsanta a roinnt leo seo a leanas:

- Soláthraithe seirbhíse atá ag gníomhú de réir ár dtreoracha (m.sh. TF, óstáil, cumarsáid)
- Comhlachtaí rialála nó reachtúla, lena n-áirítear Tusla, i gcás ina gceanglaítear é sin de réir dlí
- Árachóirí nó comhairleoirí gairmiúla i gcás inar gá

Iarrtar ar gach tríú páirtí an dlí cosanta sonraí a chomhlíonadh.

**7. Aistrithe Idirnáisiúnta**

Déantar sonraí a phróiseáil go príomha laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. I gcás ina n-aistrítear sonraí lasmuigh den LEE, cuirtear coimircí cuí i bhfeidhm, lena n-áirítear Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha nó cinntí leordhóthanachta.

**8. Coinneáil Sonraí**

Ní choinnímid sonraí pearsanta ach an fhad agus is gá chun na críche dar bailíodh iad agus i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus rialála. Bíonn éagsúlacht ag baint leis na tréimhsí coinneála ag brath ar chineál na n-oibleagáidí sonraí agus na n-oibleagáidí is infheidhme.

**9. Do Chearta Cosanta Sonraí**

Tá sé de cheart agat:

- Do shonraí pearsanta a rochtain

- Sonraí atá míchruinn a cheartú
- Scriosadh, srian, nó agóid i ndáil leis an bpróiseáil a iarraidh
- Toiliú a tharraingt siar ag aon tráth i gcás ina bhfuil próiseáil bunaithe ar thoiliú
- Cinnteoireacht uathoibrithe – an ceart maidir le maoirseacht dhaonna
- Gearán a chur isteach leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

Féadfaidh tuismitheoirí nó caomhnóirí cearta a fheidhmiú thar ceann leanaí, faoi réir breithnithe coimirce.

**10. Fianáin**

Úsáideann an Suíomh Gréasáin fianáin chun feidhmiúlacht a chinntiú agus chun anailís a dhéanamh ar úsáid. Tugtar tuilleadh eolais trínár meirge fianáin agus socruithe fianán.

**11. Athruithe ar an bhFógra Seo**

Féadfar an Fógra Príobháideachais seo a thabhairt cothrom le dáta ó am go ham. Beidh an leagan is déanaí ar fáil i gcónaí ar ár Suíomh Gréasáin.

**12. Déan Teagmháil Linn**

Má tá ceisteanna agat nó dá mba mhaith leat do chearta cosanta sonraí a fheidhmiú, déan teagmháil le:

Ríomhphost: eolas@cnng.ie
Teileafón: +353 (0)91 595337